# Agóid na bhFeirmeoirí

## Leibhéal B1

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi fheirmeoirí i mbun agóide in Éirinn agus ar fud na hEorpa. Bí ag obair leis an duine in aice leat agus pléigí na ceisteanna thíos le chéile. Líonaigí isteach an tábla **stór focal** freisin le linn na cainte.

| Na focail atá agat: | Na focail ba mhaith leat a fhoghlaim: |
|---|---|
| agóid<br>feachtas | *demonstrating*<br>*conditions*<br>*regulations* |

1. Cá bhfuil na feirmeoirí sna pictiúir i mbun agóide, dar leat? Féach go cúramach ar na pictiúir mar tá leideanna le feiceáil iontu.






2. Cá bhfuil an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, sa phictiúr ar dheis?
3. Cén fáth a raibh sé ansin, dar leat?
4. Cén fáth a bhfuil na feirmeoirí i mbun agóide, dar leat?



## B: FOCLÓIR

1. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

| | |
|---|---|
| 1. polasaithe | a. *conditions* |
| 2. tionchar | b. *fair play, equity* |
| 3. ceird | c. *importation* |
| 4. i mbun léirsithe | d. *demonstrating* |
| 5. coinníollacha | e. *bad condition / way* |
| 6. rialúcháin | f. *traffic delay* |
| 7. drochbhail | g. *policies* |
| 8. moill ar thrácht | h. *regulations* |
| 9. cothrom na Féinne | i. *impact* |
| 10. raic | j. *uproar* |
| 11. boinn tarracóirí | k. *trade, occupation* |
| 12. iompórtáil | l. *tractor tyres* |

| 1 | 2 | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 8 | 9 | 10 | 11 | 12 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | | | | | |

2. Cad is brí leis na frásaí seo a leanas? Tá siad an-chosúil le frása atá díreach pléite agat faoi cheist 1 thuas.

i mbun agóide/agóidíochta

3. Baineann Aodhán úsáid as an bhfocal ‘beatha’ chun an focal ‘bia’ a chur in iúl. Cad eile a chiallaíonn an focal ‘beatha’? Téigh go dtí [www.teanglann.ie](http://www.teanglann.ie) mura bhfuil tú cinnte.

4. Má chiallaíonn ‘comh’ *common* agus ‘beartas’ *policy*, cad is brí leis an téarma ‘ An Comhbheartas Talmhaíochta’?’

# C: TUISCINT

1. Féach ar an mír den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat ansin agus féachaigí ar na ráitis seo thíos. An bhfuil siad fíor nó bréagach? Cuir tic leis an bhfreagra ceart.

| Na ráitis | Fíor | Bréagach |
|---|---|---|
| a) **Tá feirmeoirí míshásta faoi pholasaithe feirmeoireachta.** | | |
| b) **Bhí na feirmeoirí ag léirsiú ar oileán beag amach ó chósta Chorcaí.** | | |
| c) **Seasca feirmeoir a bhí i mbun agóide i gCorcaigh.** | | |
| d) **Deir siad go bhfuil rialúcháin a bhaineann le cúrsaí feirmeoireachta ag cur drochbhail ar a gceird.** | | |
| e) **Cuireadh na heitiltí san aerfort ar ceal de bharr na hagóide.** | | |
| f) **Bhí míle aire talmhaíochta i mbun cruinnithe sa Bhruiséil.** | | |
| g) **Las na léirsitheoirí boinn tarracóirí ar shráideanna na Bruiséile.** | | |
| h) **Tá feirmeoirí sa Pholainn ag iompórtáil bia saor.** | | |
| i) **Deir Charlie McConalogue go bhfuil an buiséad do chúrsaí talmhaíochta sásúil mar atá.** | | |

2. Féach ar an mír arís agus líon na bearnaí sa script. Bain úsáid as na focail Ghaeilge a phléigh tú faoi **B: FOCLÓIR**.

- Deir feirmeoirí go bhfuil ________________ feirmeoireachta ag cur ________________ ar a g________________.
- Tá fearg ar na feirmeoirí faoi ________________ a dhéanamh ar bhia saor sna hollmhargaí.
- Bhí sé ina ________________ sa Bhruiséil agus lasadh ________________.
- Cuireadh ________________ agus ar eitiltí de bharr na hagóide.
- Tá ________________ ag na polasaithe feirmeoireachta ar shaol na bhfeirmeoirí.
- Tá na feirmeoirí ________________ faoi ________________* agus ________________ a bhaineann le cúrsaí feirmeoireachta (* tagann séimhiú ar ainmfhocail tar éis *faoi*)________________ atá ag teastáil ó fheirmeoirí, a deir an lucht léirsithe.

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (focail a chríochnaíonn ar -iú / -ú / -aí)

a) Cén uimhir iolra atá ag na focail seo a bhí sa mhír?

Cruinniú ____________________
Léirsiú ____________________
Polasaí ____________________

b) Cén uimhir iolra atá ag na hainmfhocail seo a leanas? Féach ar https://www.teanglann.ie/ga/ le cabhrú leat más gá.

Scrúdú ____________________
Athrú ____________________
Amhránaí ____________________
Freastalaí ____________________

## 2: Saibhreas teanga (ar bun)

a) Féach ar an líne thíos ón mír. An bhfuil bealach eile agat féin chun ‘ar bun’ a rá?

60 tarracóir a bhí páirteach san fheachtas atá **ar bun** ag feirmeoirí.

b) Aistrigh na habairtí thíos go Gaeilge agus bain úsáid as an bhfrása ‘ar bun’ i ngach ceann acu:

*They were having a great conversation.* ________________________________________
*What is going on here?* ________________________________________
*She’s up to something.* ________________________________________
*They are having a party in their house.* ________________________________________

c) Aistrigh na habairtí seo anois. Caithfidh tú ‘ar siúl’ a úsáid.

*The play will be on Friday.* ________________________________________
*I turned on the radio.* ________________________________________

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint

Beidh tú féin agus an duine in aice leat ag tabhairt faoi dhá rólghníomhaíocht. Tabharfaidh an teagascóir na cártaí cuí daoibh.

Rólghníomhaíocht 1

**Duine A**: Bhí tú ag léirsiú ar son na timpeallachta agus tharla eachtra. Tá an t-eolas a bhaineann leis an léirsiú sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Bhí do chara ag léirsiú ar son na timpeallachta agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin léirsiú. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.

Rólghníomhaíocht 2

**Duine A**: Bhí tú i mbun léirsithe le tacú le pobal na Palaistíne agus tharla eachtra. Tá an t-eolas a bhaineann leis an léirsiú sin ar do chárta. Beidh an duine in aice leat ag cur ceisteanna ort faoi.

**Duine B**: Bhí do chara i mbun léirsithe le tacú le pobal na Palaistíne agus ba mhaith leat eolas a fháil faoin léirsiú. Líon na bearnaí ar do chárta féin trí cheisteanna a chur ar an duine in aice leat.



## 2: Scríobh

Roghnaigh ceann amháin de na léirsithe thuas agus samhlaigh gur ghlac tú páirt sa léirsiú sin. Scríobh postáil ghearr do na meáin shóisialta faoin léirsiú. Is leor cúig abairt nó mar sin.

| |
|---|
| Tráthnóna Dé Sathairn a bhí ann. |
| Chuaigh mé isteach go dtí lár na cathrach chun a bheith ag léirsiú. |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

## 3. Cad a d'fhoghlaim tú?

Líon an bosca thíos leis an stór focal nua a d'fhoghlaim tú sa rang seo. Téigh siar go dtí **A: MACHNAMH** chun an méid a scríobh tú sna boscaí sin a sheiceáil.

| **Na focail agus frásaí nua atá anois foghlamtha agat:** |
|---|
| |

# AN SCRIPT

**Siún Nic Gearailt**
Bhí léirsithe ar bun ag feirmeoirí anseo in Éirinn agus san Eoraip inniu chun a míshástacht a chur in iúl faoi pholasaithe feirmeoireachta agus an tionchar atá acu ar a gceird. Nach mór míle feirmeoir a bhí i mbun léirsithe sa Bhruiséil, áit go bhfuil airí talmhaíochta an Aontais Eorpaigh i mbun cruinnithe.

**Aodhán Ó Maoileoin**
Ó mhoch maidine, bhailigh feilméaraí[1] ar an Oileán Beag in aice le hAerfort Chorcaí, le dul i mbun agóide faoi choinníollacha agus rialúcháin a bhaineann le cúrsaí feirmeoireachta. Suas le seasca tarracóir a bhí páirteach sa bhfeachtas[2] leanúnach - atá ar bun ag feilméaraí ón dara lá den mhí seo -i gcomhair polasaithe, a deir siad, atá ag cur drochbhail ar a gceird.

Cuireadh moill ar thrácht agus ar eitiltí san aerfort de bharr na hagóide. Cothrom na Féinne atá ag teastáil ó fheilméaraí, a deir siad.

Thar lear agus bhí sé ina raic sa mBruiséil, áit a raibh beagnach míle feilméara i mbun agóidíochta, áit a raibh cruinniú ag airí talmhaíochta an Aontais Eorpaigh. Lasadh boinn tarracóirí ar an tsráid agus b'éigean do phóilíní canóin uisce a úsáid le stop a chur le lucht léirsithe. Tá fearg ar fheilméaraí go bhfuil iompórtáil á déanamh ar bheatha saor ag ollmhargaí. Bhí agóidí sa bPolainn agus sa Spáinn freisin inniu.

Deir an tAire Talmhaíochta, Charlie McConalogue, atá ag an gcruinniú sa mBruiséil, go bhfuil súil aige go mbainfidh moltaí nua atá á bplé san Aontas inniu, cuid den bhrú d'fheilméaraí agus go gcaithfear buiséad Comhbheartais Talmhaíochta nua a chur i bhfeidhm atá sásúil.

Aodhán Ó Maoileoin, Nuacht TG4.

---

[1] feilméaraí = leagan canúnach de 'feirmeoirí'
[2] Canúint Chonnacht atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear urú seachas séimhiú ar ainmfhocail i ndiaidh 'sa'.

## NÓTAÍ & FREAGRAÍ

### A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin.

An aidhm atá leis na ceisteanna/gníomhaíochtaí sa chuid seo den cheacht ná go mbeidh deis ag na foghlaimeoirí 'machnamh' a dhéanamh faoin méid atá ar eolas acu faoin scéal (mír nuachta) atá le teacht. Lig do na foghlaimeoirí iad féin a ullmhú don topaic trí tharraingt ar an méid atá ar eolas acu cheana féin faoin scéal, trí chur agus cúiteamh a dhéanamh lena gcomhfhoghlaimeoirí agus trí mhachnamh a dhéanamh ar an stór focal atá acu agus **nach bhfuil** acu chun plé a dhéanamh ar an topaic. Iarr ar na foghlaimeoirí nóta a ghlacadh, sa tábla *stór focal*, de na focail atá acu cheana féin, ach níos tábhachtaí fós de na focail nach bhfuil acu i nGaeilge chun an topaic a phlé. Is féidir leo na focail atá in easnamh a scríobh sa tábla *stór focal* i mBéarla nó i dteanga ar bith. Ná bí buartha má théann na foghlaimeoirí i muinín an Bhéarla sa chuid seo den cheacht. Mínigh dóibh go bhfoghlaimeoidh siad go leor stór focal le linn an ranga chun an topaic a phlé ar ball. Tá sé tábhachtach béim a chur ar an méid **atá** ar eolas ag na foghlaimeoirí sa dóigh is go mbeidh siad oscailte agus dearfach faoin eispéireas foghlama atá le teacht. Beidh deis acu machnamh a dhéanamh faoin méid atá foghlamtha acu ag deireadh an ranga.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó. Bhí Charlie McConalogue sa Bhruiséil agus é ag freastal ar chruinniú a bhí ag airí talmhaíochta na hEorpa. Chun tuilleadh eolais a fháil faoin scéal, is féidir féachaint ar an script.

### B: FOCLÓIR

1. Féach:

| | |
|---|---|
| polasaithe | *policies* |
| tionchar | *impact* |
| ceird | *trade, occupation* |
| i mbun léirsithe | *demonstrating* |
| coinníollacha | *conditions* |
| rialúcháin | *regulations* |
| drochbhail | *bad condition / way* |
| moill ar thrácht | *traffic delay* |
| cothrom na féinne | *fair play, equity* |
| raic | *uproar* |
| boinn tarracóirí | *tractor tyres* |
| iompórtáil | *importation* |

| 1. | 2. | 3. | 4. | 5. | 6. | 7. | 8. | 9. | 10. | 11. | 12. |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| g | i | k | d | a | h | e | f | b | j | l | c |

2. Ciallaíonn 'i mbun léirsithe' / 'i mbun agóide' / 'i mbun agóidíochta' – *demonstrating, protesting*.
3. Is iad na bríonna is coitianta ar 'beatha' ná *life* agus *living*.
4. An Comhbheartas Talmhaíochta - *Common Agricultural Policy*.

## C: TUISCINT

1. Féach:

a) Fíor.
b) Bréagach. Bhí siad ag léirsiú ar an Oileán Beag (logainm).
c) Bréagach. Suas le seasca tarracóir a bhí páirteach san agóid.
d) Fíor.
e) Bréagach. Cuireadh moill ar thrácht agus eitiltí.
f) Bréagach nó ní fios. Bhí beagnach míle feirmeoir ann.
g) Fíor.
h) Bréagach. Tá fearg ar fheirmeoirí san Eoraip (an Pholainn san áireamh) go bhfuil bia saor á iompórtáil ag ollmhargaí.
i) Bréagach. Dúirt sé go gcaithfí buiséad Comhbheartais Talmhaíochta nua a chur i bhfeidhm a bheadh níos sásúla.

2. Féach:

- Deir feirmeoirí go bhfuil **polasaithe** feirmeoireachta ag cur **drochbhail** ar a g**ceird**.
- Tá fearg ar na feirmeoirí faoi **iompórtáil** a dhéanamh ar bhia saor sna hollmhargaí.
- Bhí sé ina **raic** sa Bhruiséil agus lasadh **boinn tarracóirí**.
- Cuireadh **moill ar thrácht** agus ar eitiltí de bharr na hagóide.
- Tá **tionchar** ag na polasaithe feirmeoireachta ar shaol na bhfeirmeoirí.
- Tá na feirmeoirí **i mbun léirsithe** faoi **choinníollacha*** agus **rialúcháin** a bhaineann le cúrsaí feirmeoireachta. (* tagann séimhiú ar ainmfhocail tar éis *faoi*)
- **Cothrom na Féinne** atá ag teastáil ó fheirmeoirí, a deir an lucht léirsithe.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (focail a chríochnaíonn ar -iú / -ú / -aí)

a) Féach:

| | |
|---|---|
| Cruinniú | **cruinnithe** |
| Léirsiú | **léirsithe** |
| Polasaí | **polasaithe** |

b) Féach:

| | |
|---|---|
| Scrúdú | **scrúduithe** |
| Athrú | **athruithe** |
| Amhránaí | **amhránaithe** |
| Freastalaí | **freastalaithe** |

### 2: Saibhreas teanga (ar bun)

a) Féach:

**afoot**

1 *ADJECTIVE*

ar siúl C M U
ar bun C M U
ar cois C M U
**there's something afoot** tá rud éigin ar siúl, tá rud éigin ag dul ar aghaidh, tá rud éigin ar cois
**there was mischief afoot** bhí drochobair ar bun

b) Féach:

| | |
|---|---|
| *They were having a great conversation.* | Bhí comhrá iontach ar bun acu. |
| *What is going on here?* | Cad atá ar bun anseo? |
| *She's up to something.* | Tá rud éigin ar bun aici. |
| *They are having a party in their house.* | Tá cóisir ar bun ina dteach. |

c) Féach:

| | |
|---|---|
| *The play will be on Friday.* | Beidh an dráma ar siúl Dé hAoine seo. |
| *I turned on the radio.* | Chuir mé an raidió ar siúl. |

## E: CUMARSÁID

### 1: Caint

Tá na cártaí do dhuine A agus do dhuine B le fáil (agus le gearradh amach roimh an rang) ag deireadh na nótaí seo. Mínigh dóibh go bhfuil na rólghníomhaíochtaí seo bunaithe ar chuid B de scrúduithe cainte TEG.

<u>Rólghníomhaíocht 1:</u>
Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Seo thíos an comhrá samplach. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

B: <u>Cad</u> a bhí ar siúl / ar bun?
A: Bhí léirsiú ar son na timpeallachta ar siúl.
B: <u>Cén áit</u> a raibh sé ar siúl? / <u>Cá</u> raibh sé ar siúl?
A: I lár Bhaile Átha Cliath.
B: <u>Cathain</u> a bhí sé ar siúl?
A: Ar an dara lá de mhí an Mhárta ag a dó a chlog.
B: <u>An raibh</u> mórán daoine ann?
A: Bhí sé beag go leor. Bhí cúpla céad ann.
B: <u>Cén fáth a raibh</u> tú ann? Cén fáth a ndeachaigh tú?
A: Chun aird a tharraingt ar an athrú aeráide.
B: <u>Cad a tharla</u>?
A: Bhí timpiste rothair agam. Bhris mé mo chos. Bhí orm dul go dtí an t-ospidéal.

<u>Rólghníomhaíocht 2:</u>
Iarr orthu róil a mhalartú sa dóigh is nach mbeidh an duine céanna ag cur na gceisteanna. Tabhair cárta A do dhuine A, agus cárta B do dhuine B. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile. Caithfidh duine B ceisteanna a chur ar dhuine A chun an t-eolas ar fad a fháil agus na bearnaí ar an gcárta a líonadh. Abair leo go gcaithfidh siad úsáid a bhaint as an aimsir chaite. Seo thíos an comhrá samplach. Scríobh tús na gceisteanna ar an gclár (sin na focail a bhfuil líne fúthu thíos) má cheapann tú go mbeadh sé ina chuidiú.

B: <u>Cad</u> a bhí ar siúl / ar bun?
A: Bhí léirsiú ar siúl le tacú le pobal na Palaistíne.
B: <u>Cén áit</u> a raibh sé ar siúl? / <u>Cá</u> raibh sé ar siúl?
A: I nGaillimh.
B: <u>Cathain</u> a bhí sé ar siúl?
A: Ar an gceathrú lá is fiche de mhí Feabhra ag meán lae.
B: <u>An raibh</u> mórán daoine ann?
A: Bhí na mílte ann. Bhí slua mór ann.
B: <u>Cén fáth a raibh</u> tú ann? Cén fáth a ndeachaigh tú?
A: Chun aird a tharraingt ar an ngéarchéim i nGaza agus le tacú le deireadh a chur leis an gcogadh ann.

B: <u>Cad a tharla</u>?
A: Lasadh boinn agus bhí ar na póilíní canóin uisce a úsáid.

### 2: Scríobh

Iarr orthu postáil ghearr (san aimsir chaite) a scríobh, faoi cheann amháin de na léirsithe thuas. Is leor cúig abairt nó mar sin.

### 3: Cad a d'fhoghlaim tú?

Tabhair deis do na foghlaimeoirí nóta a dhéanamh de na rudaí nua atá foghlamtha acu. Bí cinnte go dtéann siad siar go dtí cuid A.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad (Ollscoil na hÉireann Má Nuad) | Lárionad na Gaeilge (Taighde, Teagasc & Tástáil) le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta
An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán / Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media
TG4

Rólchártaí le gearradh amach:

**Rólghníomhaíocht 1**

| **Duine A**<br>***Léirsiú in Éirinn*** | **Duine B**<br>***Léirsiú in Éirinn*** |
|---|---|
| **Cad é?** Léirsiú ar son na timpeallachta | **Cad é?** |
| **Áit?** I lár Bhaile Átha Cliath | **Áit?** |
| **Cathain?** 02 Márta 2024, 2pm | **Cathain?** |
| **Mórán daoine?** Cúpla céad, beag go leor | **Mórán daoine?** |
| **Cén fáth?** Aird a tharraingt / athrú aeráide | **Cén fáth?** |
| **Cad a tharla?** Timpiste, cos bhriste, ospidéal | **Cad a tharla?** |

******************************

**Rólghníomhaíocht 2**

| **Duine A**<br>***Léirsiú san Eoraip*** | **Duine B**<br>***Léirsiú san Eoraip*** |
|---|---|
| **Cad é?** Léirsiú le tacú le pobal na Palaistíne | **Cad é?** |
| **Áit?** I nGaillimh | **Áit?** |
| **Cathain?** 24 Feabhra 2024, 12pm | **Cathain?** |
| **Mórán daoine?** Na mílte, slua mór | **Mórán daoine?** |
| **Cén fáth?** Deireadh / cogadh / Gaza | **Cén fáth?** |
| **Cad a tharla?** Lasadh boinn; canóin uisce | **Cad a tharla?** |